

Clár na nÁbhar

leathanach

- | | | |
|------|--|----------|
| 1. | Céard é cuspóir an Chomhaontaithe? | 1 |
| 2. | Cé a chlúdaítear faoin gComhaontú? | 1 |
| 3. | Céard iad na sochair atá clúdaithe faoin gComhaontú? | 2 |
| 4. | Cén tír a mbeidh a Dlíthe Leasa Shóisialaigh i bhfeidhm? | 3 |
| 5. | Conas a ríomhtar íocaíochtaí Éireannacha? | 4 |
| 6. | Conas a íoctar pinsin Éireannacha? | 5 |
| 6.1. | Má tá tú i do chónaí in Éirinn | 5 |
| 6.2. | Má tá tú i do chónaí taobh amuigh den Stát | 6 |
| 7. | An mbíonn aon tionchar ag an gComhaontú ar teidlíocht i leith íocaíochtaí ó thíortha eile faoi Rialacháin an CE ar Leas Sóisialach? | 6 |
| 8. | An féidir liom cáiliú d'íocaíocht ón dá thír? | 7 |
| 9. | An féidir liom sochair sa bhreis a éileamh? | 7 |
| 10. | Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil? | 8 |

Is treoir í an bhileog seo faoi fhorálacha an Chomhaontaithe ar Leas Sóisialach idir Poblacht na hÉireann agus Cónaidhm na hEilvéise. Tháinig an Comhaontú seo i bhfeidhm ar 1 Iúil 1999.

1. Céard é cuspóir an Chomhaontaithe?

Is é príomhchuspóir an Chomhaontaithe ná cosaint a dhéanamh ar theidlíochtaí pinsean na ndaoine a bhíonn ag bogadh idir Éirinn agus Cónaidhm na hEilvéise agus a íocann ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh faoi reachtaíocht an dá dhlínse.

Déantar déileáil ann le stádas leasa shóisialaigh na nOibrithe Imirceacha, amhail mairnéalaigh & daoine taistil. Déantar déileáil ann chomh maith le stádas árachais shóisialta na n-oibrithe a bhíonn á gcur ó thír amháin go tír eile ar feadh tréimhse ghearr, ag a bhfostóir.

2. Cé a chlúdaítear faoin gComhaontú?

Clúdaítear aon duine faoin gComhaontú atá, nó a bhí faoi réir reachtaíocht Leasa Shóisialaigh na hÉireann agus Chónaidhm na hEilvéise. Clúdaítear daoine faoin gComhaontú le stádas dídeanaithe nó daoine gan stát, atá ina gcónaí go buan i gceachtar den dá thír sin, chomh maith le cleithiúnaithe agus marthanóirí na ndaoine seo.

3. Céard iad na sochair atá clúdaithe faoin gComhaontú?

Is iad na híocaíochtaí **Éireannacha** atá clúdaithe faoin gComhaontú ná:

- Pinsean Easláine
- Pinsean (Ranníocach) Seanaoise (iníochta ag aois 66)
- Pinsean Scoir (iníochta ag aois 65)
- Pinsean (Ranníocach) Baintrí/Baintreach Fir;
- Líuntas (Ranníocach) Dilleachta.

Is iad na híocaíochtaí **Eilvéiseacha** atá clúdaithe faoin gComhaontú ná:

1. Sochar Breoiteachta
Ainm Iodáilise: Indennità di malattia
Ainm Fraincise: Indemnit  de maladie
Ainm Gearm inise: Krankengeld
2. Sochar M ithreachais
Ainm Iod ilise: EO giornaliera in caso di maternit 
Ainm Fraincise: Indemnit  journali re en cas de maternit 
Ainm Gearm inise: Taggeld im Falle von Mutterschaft
3. Sochar Easl ine
Ainm Iod ilise: Prestazione d'invalidit 
Ainm Fraincise: Prestation d'invalidit 
Ainm Gearm inise: Invalidenleistung
4. Pinsean Seanaoise
Ainm Iod ilise: Rendita di Vecchiaia
Ainm Fraincise: Rente de Vieillesse
Ainm Gearm inise: Altersrente
5. Pinsean Marthan ra
Ainm Iod ilise: Rendita per Superstiti
Ainm Fraincise: Rende de Survivants
Ainm Gearm inise: Hinterlassenenrente.

4. Cén tír a mbeidh a Dlíthe Leasa Shóisialaigh i bhfeidhm?

Ar an mórchuid, bíonn duine faoi réir reachtaíocht Leasa Shóisialaigh na tíre ina mbíonn sé/sí ag obair.

Mar sin, beidh duine atá fostaithe in Éirinn, faoi réir na reachtaíochta Leasa Shóisialaigh in Éirinn agus beidh air/uirthi ranníocaíochtaí ÁSPC (Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa) a íoc in Éirinn.

Sa chaoi chéanna, beidh duine atá fostaithe san Eilvéis, faoi réir na reachtaíochta Leasa Shóisialaigh san Eilvéis agus beidh air/uirthi ranníocaíochtaí Árachais Shóisialta a íoc san Eilvéis.

Ach tá foráil ann sa Chomhaontú a chiallaíonn gur féidir le daoine a chuirtear ó Éirinn go dtí an Eilvéis ar shannachán sealadach, leanúint de ranníocaíochtaí ÁSPC na hÉireann a íoc ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain dá bhfostaíocht san Eilvéis.

Mar sin, má tá tú fostaithe in Éirinn agus má tá tú le dul ag obair san Eilvéis ar shannachán sealadach, ba cheart duitse nó do d'fhostóir dul i dteagmháil leis an rannóg seo a leanas:

Taifid Idirnáisiúnta

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail & Teaghlaigh

Urlár 1

Teach Dhroichead Uí Chonaill

Sráid D'Olier

Baile Átha Cliath 2

Uimh. Ghutháin: (01) 8748444 Síneadh: 2243/3294

Líne Dhíreach: (01) 7043294

Uimh. Facs: (01) 7043256

5. Conas a ríomhtar íocaíochtaí Éireannacha?

Faoi fhorálacha an Chomhaontaithe, is féidir ranníocaíochtaí a íoctar san Eilvéis a úsáid chun na coinníollacha cáilitheacha ÁSPC d'íocaíochtaí sochair in Éirinn a shásamh.

Mar shampla, má thosaigh duine a s(h)aol oibre in Éirinn agus má tá 5 bliana de ranníocaíochtaí árachais shóisialta aige/aici agus má théann an duine sin go dtí an Eilvéis le bheith ag obair ansin, d'fhéadfadh sé/sí cáiliú do phinsean pro rata anois faoin gComhaontú seo.

Chomh luath is a shásaítear na coinníollacha cáilitheacha ÁSPC, úsáidtear foirmle (féach thíos) chun an ráta atá iníoctha a ríomh do:

- * Pinsean Easláine
- * Pinsean (Ranníocach) Seanaoise
- * Pinsean Scoir
- * Pinsean (Ranníocach) Baintrí/Baintreach Fir.

Foirmle

Árachas Éireannach amháin

An t-árachas go léir in Éirinn & san Eilvéis le chéile.

Ráta pinsin iníoctha

má bhí árachas Éireannach amháin agat

Liúntas (Ranníocach) Dílleachta

Chomh luath is a bhíonn teidlíocht i leith Liúntas (Ranníocach) Dílleachta arna deimhniú, agus ranníocaíochtaí Éireannacha amháin á n-úsáid, nó trí mheascán de ranníocaíochtaí Éireannacha agus Eilvéiseacha, bíonn an ráta iomlán de Liúntas (Ranníocach) Dílleachta iníoctha.

6. Conas a íoctar Pinsin Éireannacha?

6.1 **Má tá tú i do chónaí in Éirinn** agus má cháilíonn tú do phinsean Éireannach faoin gComhaontú, is féidir do phinsean a íoc:

— díreach isteach i do chuntas i mBanc, Cumann Foirgníochta nó i gCuntas Coigiltis le An Post - tugtar **Íocaíocht Dhíreach** air seo agus déantar an íocaíocht 4 seachtaine i riaráiste le haon cheann de na hinstitiúidí airgeadais atá liostaithe thíos

nó

— le leabhar d'**Orduithe Iníochta** ar féidir airgead tirim a dhéanamh astu go seachtainiúil ag do rogha Oifig Poist. (Má íoctar do phinsean leat ar an mbealach seo agus mura bhfuil tú in ann do phinsean a bhailiú, is féidir leat duine eile a ainmniú atá 16 bliana d'aois nó níos sine, chun é a bhailiú ar do shon.)

Ar na hinstitiúidí Airgeadais a bhfuil Áis Íocaíochta Díri ar fáil acu tá:

— Cuntas Coigiltis do Phinsean, le An Post

— Cuntas reatha nó Coigilteas Taisce (**ní** cuntas morgáiste) le ceann ar bith de na Bainc seo a leanas:

- Banc ACC
- Banc AIB
- Bank of Ireland
- Banc TSB
- National Irish Bank
- Ulster Bank

— cuntas (**ní** cuntas morgáiste) le ceann ar bith de na Cumainn Foirgníochta seo a leanas:

- Cumann Foirgníochta EBS
- First Active PLC
- Cumann Foirgníochta ICS
- Cumann Foirgníochta Irish Nationwide
- Irish Permanent PLC.

6.2 **Má tá tú i do chónaí taobh amuigh den Stát**, is féidir do phinsean a íoc le hÍocaíocht Dhíreach le haon cheann de na hInstitiúidí Airgeadais atá liostaithe thuas nó le hInstitiúid Airgeadais taobh amuigh den Stát.

7. An mbíonn aon tionchar ag an gComhaontú ar theidlíocht i leith íocaíochtaí ó thíortha eile faoi Rialacháin an CE ar Leas Sóisialach?

Ní bhíonn!

Má tá tú i dteideal íocaíocht a fháil faoin gComhaontú seo, ní bheidh aon tionchar aige seo ar do theidlíocht i leith íocaíochta ó Stát eile, faoi fhorálacha Rialacháin an CE ar Leas Sóisialach.

Ciallaíonn sé seo go bhféadfá íocaíocht a fháil ó Stát eile faoi Rialacháin an CE, chomh maith le hÍocaíocht ó Éirinn faoin gComhaontú seo ag an am céanna. D'fhéadfadh sé seo a bheith i gceist má bhí tú fostaithe san Eilvéis, in Éirinn agus i dtír eile atá clúdaithe ag Rialacháin an CE.

Ach nuair a bhítear ag oibriú amach teidlíocht duine i leith íocaíochta faoin gComhaontú Éireannach/Eilvéiseach seo, ní chuirtear tréimhsí oibre a críochnaíodh sa tír eile atá clúdaithe ag Rialacháin an CE, san áireamh.

8. An féidir liom cáiliú d'íocaíocht ón dá thír?

Is féidir!

Is féidir le duine cáiliú d'íocaíocht ón dá thír (Éire agus an Eilvéis) ag an am céanna.

9. An féidir liom sochair sa bhreis a éileamh?

Má fhaigheann tú pinsean Leasa Shóisialaigh Eilvéiseach agus má **tá tú i do chónaí in Éirinn**, is féidir leat cáiliú do na **Saor-Scéimeanna** atá ar fáil faoi chóras Leasa Shóisialaigh na hÉireann, faoi réir coinníollacha cáilitheacha áirithe. Tá na Saor-Scéimeanna seo ar fáil chomh maith, má fhaigheann tú pinsean Éireannach.

Is iad seo:

- * Liúntas do Leictreachas/Gás Nádúrtha Saor in Aisce
- * Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce
- * Liúntas do Ghuthán ar Cíos Saor in Aisce
- * Liúntas Breosla (iníoctha ó lár Dheireadh Fómhair go lár Aibreáin)
- * Pas Saorthaistil.

10. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Tá eolas breise faoin gComhaontú ar fáil ó:

1. **Taifid Idirnáisiúnta**
Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Teach Dhroichead Uí Chonail
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

Má bhíonn tú ag gaoch ón taobh istigh de Phoblacht na hÉireann:

Uimh. Ghutháin: (01) 8748444 Síneadh: 2243/3294
Líne Dhíreach: (01) 7043294
Uimh. Facs: (01) 7043256

Má bhíonn tú ag gaoch ón taobh amuigh d'Éirinn:

Uimh. Ghutháin: 00 353 1 8748444 Síneadh: 2243/3294
Líne Dhíreach: 00 353 1 7043294
Uimh. Facs: 00 353 1 7043256

2. **Oifigeach Cúitimh na hEilvéise**
18 Avenue Edmond-Vaucher
CH-1211 Geneve 28
An Eilvéis

Uimh. Ghutháin: 00 41 22 795 91 11
Uimh. Facs: 00 41 22 797 15 01

Luaigh d'uimhir Árachais Eilvéiseach le do thoil, nuair a théann tú i dteagmháil leis an oifig Eilvéiseach.

Bileoga eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach leat ná:

Pinsean (Ranníocach) Scoir/Seanaoise **SW 18**

Pinsean (Ranníocach) Baintrí/Baintreach Fir **SW 25**

**Liúntas do Leictreachas/Gás
agus Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce** **SW 39**

Saorthaisteal **SW 40**

Pinsean Easláine **SW 44**

Liúntas do Ghuthán Ar Cíos Saor in Aisce **SW 45**

Liúntas (Ranníocach) Dílleachta **SW 48**
